Oifigeach Cóiríochta **27 Eanáir 2021**

Tá An Foras Pátrúnachta (AFP) ag earcú Oifigeach Cóiríochta chun oibriú le foireann na hOifige Náisiúnta. Tá ceann cheathrú AFP lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh meascán d'obair oifige sa cheanncheathrú agus cianobair i gceist.

Conradh: Is conradh trí bliana ar uaireanta lán-aimseartha atá á thairiscint. Beidh taisteal timpeall na tíre i gceist agus cruinnithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre ó am go ham.

Tuarastal: Beidh an tuarastal tarraingteach bunaithe ar thaithí agus ar cháilíochtaí an té a cheapfar.

Ról an duine:

Tá An Foras Pátrúnachta ag earcú Oifigeach Cóiríochta chun oibriú le foireann na hOifige Náisiúnta. Beidh scileanna maithe idirghabhála agus bainistíochta tionscadail ag an iarrthóir a cheapfar, chomh maith le heolas ar rialacháin tógála, soláthar poiblí agus tairiscintí, agus léasanna/comhaontuithe ceadúnais. Tá sé inmhianta go mbeadh taithí ag an té ar obair leis an tionscal tógála chun tionscadail iomlána a chur i gcrích chomh maith le taithí ar idirchaidreamh a dhéanamh le ranna Rialtais.

Oibreoidh an tOifigeach Cóiríochta le Clár na Scoileanna Nua, leis an gClár Rialachais agus Pátrúnachta agus leis an gClár Oideachais agus Tacaíochta. Pléifidh an t-iarrthóir a cheapfar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cóiríocht eatramhach a aimsiú do scoileanna nua, maoirseacht a dhéanamh ar aistriú go foirgneamh nua agus ar shíntí scoile, Ceannteidil Téarmaí agus Léasanna/Ceadúnais d'fhoirgnimh an Aire agus foirgnimh atá faoi úinéireacht phríobháideach a chomhaontú, agus tabharfaidh sé/sí tacaíocht do Bhoird Bainistíochta na Scoileanna maidir le tionscadail tógála.

- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun a chinntiú go soláthraítear cineál agus leibhéal oiriúnach cóiríochta eatramhaí do scoileanna nua
- Idirchaidreamh a dhéanamh le scoileanna maidir le saincheisteanna comhlíonta pleanála lena n-áirítear pleananna bainistíochta soghluaisteachta etc.
- Freastal ar chruinnithe le rannáin d'Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus le gach comhlacht stáit agus le comhlachtaí eile ábhartha más gá

- Freastal ar chruinnithe athbhreithnithe dearaidh réamhphleanála le scoileanna An Foras Pátrúnachta agus gníomhú mar phríomhphointe teagmhála na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an bpróiseas athbhreithnithe seo
- Idirchaidreamh a dhéanamh le pearsanra idirchaidrimh cliant agus Bainisteoir Tionscadail na Roinne Oideachais agus Scileanna ar an láithreán tar éis an aistrithe le linn na tréimhse dliteanais lochtanna
- Léasanna agus ceadúnais reatha do scoileanna atá ann cheana a bhainistiú agus 'Cinn Téarmaí' a tharraingt suas do scoileanna atá i gcóiríocht eatramhach nuair is gá
- Tacú le ball-scoileanna a bhfuil riachtanais chóiríochta acu. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí air sin ábhair a bhaineann le soláthar poiblí, próisis tairisceana agus oibreacha feabhsúcháin
- Saincheisteanna cothabhála a shainaithint seachas lochtanna roimh dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi shaincheisteanna foirgníochta agus nuair is gá teagmháil a dhéanamh leis an Roinn maidir le lochtanna nuair a aithnítear a leithéid.
- Treoir a fhorbairt do Bhoird Bainistíochta scoileanna "an Chomhlachta Phátrúnachta" lena chinntiú go ndéantar cóiríocht do scoileanna a chothabháil de réir mar a éilítear faoi chomhaontuithe léasa/ceadúnais agus tagairt ar leith do shábháilteacht dóiteáin, sláinte agus struchtúrtha
- Tacaíocht do Bhoird Bainistíochta scoileanna "an Chomhlachta Phátrúnachta" i ngach ábhar a bhaineann le cóiríocht. D'fhéadfadh oiliúint, comhroinnt faisnéise agus cúnamh ina gcumarsáid leis an ROS a bheith san áireamh ansin
- Cuidiú le Taighde, Pleanáil agus Forbairt Beartais san oifig náisiúnta agus feabhsú sa pholasaí náisiúnta maidir le cóiríocht scoileanna a chur chun cinn
- Idirchaidreamh a dhéanamh le scoileanna atá ann cheana chun tacú leo a riachtanais a chomhlíonadh
- Pleananna agus tuarascálacha cur chun feidhme a dhréachtú
- Tacú leo siúd atá i gcóiríocht shealadach agus a bheith ag feidhmiú mar nasc le feidhm Tacaíochta Scoile na hOifige Náisiúnta
- Ról iomlán a imirt i bhforbairt fhoireann náisiúnta An Foras Pátrúnachta
- Taighde ar threochtaí déimeagrafacha agus pleananna forbartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla
- Dualgais ghaolmhara eile a fhéadfar a shannadh ort ó am go ham.

Cur síos ar an duine:
Duine féinspreagtha atá á (h)earcú leis na scileanna agus taithí cuí chun spriocanna an phoist a bhaint amach dá stuaim féin. Ní mór go mbeidh an duine thar a bheith eagraithe i gcónaí. Beidh an té solúbtha maidir le taisteal agus uaireanta oibre agus sásta dul ag obair mar chuid d'fhoireann bheag.

Riachtanach:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa, bheadh cáilíocht TEG ina bhuntáiste
- Cumas caidrimh a chruthú agus a chothú le daoine agus le heagrais
- Sárscileanna bainistíochta tionscadail
- Céadúnas tiomána iomlán glan

Inmhianta:

- Tuiscint ar fhoirgníocht agus na córais a théann leis
- Tuiscint ar chórais agus struchtúr na Roinne Oideachais & Scileanna
- Cáilíocht/taithí sna réimsí tógála, ailtireachta, innealtóireachta, bainistíocht tionscadail
- Taithí ar eolas a thaifead, a bhainistiú agus a roinnt
- Tuiscint ar oideachas agus go háirithe ar an nGaelscolaíocht

Beidh ardleibhéal gairmiúlachta, cuntasachta, freagrachta, oscailteachta de dhíth chun dualgais an phoist a chomhlíonadh. Cloífidh an té le beartais agus le cur chuige na heagraíochta i gcónaí.

Iarratais

Ní mór d'iarratais a bheith **i nGaeilge amháin** agus ba cheart CV (4 leathanach ar a mhéad) chomh maith le litir iarratais a sheoladh chuig iarratais@foras.ie faoi 17.00 ar an 11 Feabhra 2021.